

CLÁR EALAÍON POIBLÍ A DÓ CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

SNÁITHE 2 - EALAÍN

Réamhrá

Ba é Clár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath, a seoladh in 2012, an chéad chur chuige clár i leith ealaín poiblí a ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Beidh dara Clár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm ar feadh cúig bliana agus cuirfidh sé deiseanna ar fáil chun idirnáisc a chruthú idir an ealaín, an pobal, agus an chathair. Tá trí shnáithe sa Chlár - POIBLÍ + EALAÍN + CATHAIR. Tá saintréithe ar leith ag na snáitheanna seo ar bhonn aonair ach beartaítear go gcuireann siad cur chuige comhtháiteach ar fáil don chlár ealaíne nua poiblí nuair a chuirtear i dteannta a chéile iad. Beartaíonn an clár éagsúlacht an chleachtais ealaíne pobail a chothú agus bheith an-tiomanta go deo do chomhairliúchán agus idirchaidreamh a dhéanamh le pobail agus ceantair áitiúla. Déanann coimisiúin faoi SHNÁITHE 2 - EALAÍN a dtugtar fúthu le cistiú ón Scéim Ealaíne Per Cent for Art tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus le cistiú ó fhorbairtí caipitil Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh

Cé go bhfuil stádas na príomhchathrach ag Baile Átha Cliath, is cathair phobal agus cheantar áitiúil é freisin ó lár na cathrach go dtí na bruachbhailte seachtracha. De réir mar a tháinig athrú agus forbairt ar thíreolaíocht shóisialta na príomhchathrach le roinnt blianta anuas, tháinig athrú freisin ar dhéimeagrafaic na cathrach. Tá tuiscint fhairsing ar an téarma 'pobail', ar féidir pobail chleachtais, spéise nó áite a áireamh leis. Tugtar cuireadh d'ealaíontóirí coimisiúin a mholadh a dhéanann ceangail idir pobail agus ceantair áitiúla trasna na cathrach.

Beartaíonn Clár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath deiseanna a thairiscint i measc na bhfoirmeacha ealaíne go léir, faoi mar a shainítear san Acht Ealaíon, 2003; ailtireacht, damhsa, scannán, litríocht, ceol, ceoldráma, filíocht, ealaín sráide, sráid taispeántas sráide agus sorcas, amharclannaíocht, ealaíona béil, agus amharc-ealaín; gach gné de chleachtas ealaíne comhaimseartha ina measc, cosúil le taibhiú, ealaín bheo, ilmheán, fisealaín, ealaín fuaime, etc. Díreofar ar shaothar nua agus táthar oscailte do bhealaí nua chun ealaín a dhéanamh agus do léiriú. Anuas ar obair na n-ealaíontóirí aonair, tá deiseanna ann chun comhoibriú, comhfheagairtí agus cleachtais idirdhisciplíneacha a dhéanamh.

Is féidir coimisiúin a bhaint amach trí idirghabháil aonuaire, cónaitheachtaí, tionscadail chomhoibrítheacha, freagairtí idirdhisciplíneacha, obair ambhunaithe, etc. Ar aon dul le prionsabail na Scéime Per Cent for Art, caithfidh go mbíonn saothar nua á dhéanamh ag ealaíontóirí i gceist leis an bpróiseas a bheartaítear mar ghné lárnach den choimisiún. Is féidir le coimeádaithe, stiúrtóirí ealaíonta agus táirgeoirí cruthaitheacha tograí a dhéanamh freisin. Cuireann seo deiseanna ar fáil do thograí ina léirítear réimse fairsing cleachtais ealaíne comhaimseartha agus a chuireann an deis ar fáil freisin chun smaointe agus tionscadail nua a fhorbairt.

Rannpháirtíocht an Phobail

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta do na ceangail idir coimisiúin ealaíne agus an pobal a neartú. Is sa spiorad seo a thacóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le clár rannpháirtíochta an phobail do gach coimisiún sa Chlár Ealaíne Poiblí. Tuigtear nach mbeidh rannpháirtíocht an phobail mar ghné den phróiseas nuair a bhíonn an coimisiún á dhéanamh agus á sholáthar i gcás na gcleachtas agus na moltaí go léir faoi SHNÁITHE 2 – EALAÍN. Sa chás seo, beidh ar ealaíontóirí agus foirne coimisiúnaithe oibriú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun clár rannpháirtíochta an phobail a cheapadh nó chun comhairle a thabhairt faoi conas is féidir clár rannpháirtíochta an phobail a sholáthar sa tráth céanna leis an gcoimisiún.

Cur chuige ceantarbhunaithe

Lena chinntiú nach bhfuil coimisiún SHNÁITHE 2 – EALAÍN go léir dírithe ar aon chuid den chathair, iarrfar ar ealaíontóirí saghas na háite, an comhthéacs nó an cás a thabhairt le fios inar mhaith leo oibriú. Eagrófar an clár chun na coimisiúin a leathadh ar fud ceantair éagsúla den chathair. Rachfar i gcomhairle leis an Oifig Ealaíon (agus le foireann na Comhairle Cathrach, sa chás gurb iomchuí) agus le healaíontóirí atá ar an ngearrliosta sa phróiseas seo. Féach an léarscáil de Limistéir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in Aguisín 1.

COVID-19

Tuigeann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go soiléir an tionchar a d'imir paindéim COVID 19 ar ealaíontóirí agus an earnáil ealaíon. Tuigimid go mb'fhéidir go leanfaidh srianta a bhaineann leis an bpaindéim a bheith i bhfeidhm go ceann tamaill agus go mbeidh ar choimisiúin áirithe cloí le treoirínte atá i bhfeidhm ag tráth a dhéantar an coimisiúnú a tháirgeadh agus a fhíorú. Beartaítear agus tá súil leis, áfach, go gcuirfidh an ghairm seo ar thograí bealach ar fáil d'ealaíontóirí saothar nua a chruthú.

Buiséid

Mar aitheantas ar an gcaoi nach gcuirtear ealaín ar fáil i mbearta a chnuasaítear go néata, tá solúbthacht ann dóibh siúd a dhéanann tograí. Is féidir le healaíontóirí nó foirne buiséid idir €20,000 agus €100,000 a iarraidh. Cruthaíonn seo deiseanna go mbaineann buiséid le scála agus cineál an choimisiúin a bheartaítear. Caithfear a áireamh leis na buiséid a bheartaítear gach costas a bhaineann le coimisiúin aonair. Féach Aighneachtaí thíos chun teacht ar eolas níos mionsonraithe

Is féidir cistiú ó fhoinsí eile a shuimiú leis an gcistiú iomlán a iarrtar ó Chlár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath ach is gá na foinsí agus na modhanna a dhéantar na cistí seo a ghnóthú a thabhairt le fios go soiléir in aighneachtaí Chéim 1.

Amfhráma

Féadfaidh idir idirghabháil agus imeachtaí aonuaire agus tograí níos faide atá bunaithe ar phróiseas a bheith i gceist le haighneachtaí le haghaidh choimisiúin SHNÁITHE 2 – EALAÍN. Iarrtar ar ealaíontóirí a dhéanann tograí chun an t-amfhráma a bheartaítear dá gcoimisiún ealaíne a shainiú ag céim na haighneachta. Cé go mbeidh solúbthacht áirithe ar fáil, beartaítear gur cheart coimisiúin a chríochnú laistigh de 18 mí / dhá bhliain i ndiaidh conarthaí a shíniú.

Is féidir coimisiúin áirithe a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe i rith shaolré cúig bliana Chlár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath.

Cáipéisíocht agus Meastóireacht

Déanfar gach coimisiún a dhoiciméadú go cuimsitheach chun rannpháirtíocht an phobail a éascú agus mar leagáid agus taifead na hoibre freisin. Tabharfar faoi meastóireacht leanúnach ar an gclár le measúnú a dhéanamh ar limistéir ghnóthachain nó feabhsaithe fhéideartha.

Cóipcheart agus Úinéireacht

Tá cóipcheart i gcomhréir leis *an Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000 (Uimh. 28 de 2000)*.¹ Cé go bhféadfadh cóipcheart a bheith éagsúil i dtaobh foirmeacha ar leith ealaíne, is gnách go leanfaidh an cóipcheart a bheith ag an ealaíontóir/na healaíontóirí a cheapann na bunsmainte don saothar. I gcás dealbhóireacht nó saothar struchtúrach buan poiblí, is le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheidh an saothar ealaíne fisiciúil agus is leis an ealaíontóir a bheidh an cóipcheart intleachtúil.

An Próiseas Coimisiúnaithe agus Roghnú

Eagraítear SNÁITHE 2 - EALAÍN mar chomórtas oscailte dhá chéim. Tugtar cuireadh sa chéad chéim d'aighneachtaí ina dtugtar cuntas ar na coimisiúin a bheartaítear agus conas a chruthófar iad agus a chuirtear i láthair an phobail iad. Beidh ar ealaíontóirí agus foirne freisin beathaisnéisí a sholáthar de phríomhbhaill foirne agus samplaí de shaothar a rinne siad roimhe seo. Tugtar cuntas thíos ar shonraí breise faoi riachtanais maidir le haighneachtaí.

Céim 1

Tabharfaidh speisialtóirí ealaíne poiblí faoi phróiseas roghnaithe tosaigh a bhfuil taithí fhairsing acu ar mheasúnú a dhéanamh ar thograí ealaíontóirí agus a bhfuil tuiscint acu ar fhairsinge agus doimhneacht na gcleachtas coimisiúnaithe ealaíne poiblí i measc foirmeacha ealaíne. Roghnóidh na speisialtóirí seo liosta fada tograí ó na haighneachtaí sa chéad chéim. Déanfaidh painéal roghnaithe breithniú ansin ar an liosta fada seo ina bhfuil speisialtóirí ealaíon eile, ionadaithe tofa, oifigigh na cathrach agus, sa chás gurb iomchuí, ionadaithe pobail, a roghnóidh deich dtogra don ghearrliosta a ndéanfar breis taighde agus forbartha orthu.

Céim 2

Tabharfar cuireadh d'ealaíontóirí agus foirne ar an ngearrliosta tabhairt faoi thaighde agus forbairt bhreise ar a dtograí agus íocfar táillí as an obair seo. Is féidir iarraidh ar ealaíontóirí nó foirne a roghnaíodh do Chéim 2 dul i ngleic go sonrath le smainte nó saincheisteanna ar leith ina dtograí. Díritear an chéim seo forbartha go príomha ar an togra ealaíonta a bheachtú, ach úsáidtear é freisin lena thaispeáint go bhfuil an coimisiún indéanta i dtaobh forbartha agus cur i láthair, bainistíocht tionscadal, sonraí teicniúla agus airgeadais, etc.

¹ An tAcht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000 (Uimh. 28 de 2000)
<http://www.irishstatutebook.ie/eli/2000/act/28/enacted/en/html>

Comhaontú Deiridh

Tabharfar cuireadh d'ealaíontóirí nó d'fhoirne conradh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chomhaontú agus a shíniú sula gcuirtear tús leis an gcoimisiún. Chun ullmhú dó seo, déanfaidh ealaíontóirí nó foirne comhaontú ar na táillí agus an maoiniú iomlán don choimisiún anuas ar amfhráma a bheartaítear, plean oibre agus céimeanna íocaíochta don choimisiún, etc.

Cruinniú Faisnéise

Socrófar cruinniú faisnéise d'ealaíontóirí, coimeádaithe, táirgeoirí cruthaitheacha agus stiúrthóirí ealaíonta ar spéis leo. Beidh seisiún ceisteanna agus freagraí mar chuid thábhachtach den chruinniú seo. Titfidh an cruinniú amach AR LÍNE, **Dé Máirt an 20ú lá Iúil ag 1.00 pm**. Déanfar an cruinniú faisnéise a scannánú agus a chur in airde ar líne go mbeidh sé ar fáil ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Caithfidh tú clárú roimh ré do na seisiúin seo trí na naisc thíos a chliceáil:

<https://us06web.zoom.us/meeting/register/tZAqf-uorzMrHdzVkkjtjaXxNRTE3dPUx62pN>

I ndiaidh clárú, seolfar ríomhphost deimhnithe chugat ina mbeidh eolas faoi pháirt a ghlacadh sa seisiún.

Critéir le haghaidh Chéim 1

Déanfar measúnú ar thograí trí úsáid a bhaint as na critéir seo a leanas agus beidh scór céatadán íosta de 60% ag teastáil i ngach critéar

| Critéar | Teideal | Marcanna ar Fáil |
|---------|--|------------------|
| A | Cáilíocht agus úrnuacht ealaíonta | 350 |
| B | Cineál an cheangail leis an bpobal, comhthéacs nó ceantar áitiúil | 200 |
| C | An próiseas a bheartaítear chun an coimisiún a fhorbairt agus a chur i láthair | 150 |
| D | Indéantacht theicniúil | 100 |
| E | Conas a bhaineann an buiséad a bheartaítear le cineál an choimisiúin | 100 |
| F | Cumas an ealaíontóra nó na foirne an tionscadal a fhorbairt, a bhainistiú agus a sholáthar laistigh den amfhráma a bheartaítear agus laistigh den bhuiséad | 50 |
| G | Cuntas teiste agus cumas an ealaíontóra nó na foirne | 50 |
| | Marcanna Iomlán ar Fáil | 1,000 |

Ceisteanna

Tá fáilte roimh ealaíontóirí nó foirne ceisteanna a sheoladh ar aghaidh chuig an Oifigeach Ealaíne Poiblí. Déan teagmháil le publicart@dublincity.ie. Is é an dáta deiridh le haghaidh ceisteanna **19ú lá mí Lúnasa ag 12 meán lae**.

Dáta Deiridh d'Aighneachtaí

Is é an dáta deiridh do thograí Chéim 1 Déardaoin, **2ú lá Meán Fómhair ag 4.00 pm**. Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha.

Tograí do Chéim 1 a sheoladh ar aghaidh

Aighneachtaí

Caithfear tograí a sheoladh ar aghaidh ar líne agus a uaslódáil go dtí láithreán gréasáin Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach ag <http://www.dublincityartsoffice.ie/supporting-the-arts-in-the-city/public-art/dublin-city-public-art-programme>. Tabhair faoi deara, le do thoil, is é an méid uasta comhaid do gach PDF 25 MB.

Ba cheart d'ealaíontóirí nó foirne an fhoirm chláráithe ar líne a líonadh agus an t-eolas seo a leanas a sholáthar i dtrí PDF ar leith.

- **Foirm Chlárúcháin**
 - Sonraí teagmhála, an méid seo a leanas ina measc: ainm, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir ghutháin an ealaíontóra nó an chinn foirne.
 - Teideal an Togra.
 - Achoimre ar an Togra: Líne amháin ina ndéantar cur síos ar an méid is mian leat a dhéanamh agus an fáth atá leis (thart ar 50 focal).
 - Cur Síos Achomair: Cuntas 500 focal ar do thionscadal atá le hiontráil isteach san fhoirm ar líne.
 - Iarraidh ar Chistiú a Bheartaítear: An méid a iarrtar ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun tabhairt faoin gcoimisiún.
- **Caithfidh an togra a bheith i bhformáid nach faide ná ceithre thaobh de leathanaigh A4 agus caithfear clómhéid Calibri 12 phointe a úsáid**.
Caithfear a áireamh leis an PDF téacs agus, sa chás gurb iomchuí: íomhánna agus pictiúir; ceadaítear cúig nasc, ar a mhéid, le físeán nó le hábhar fuaime nó le leathanaigh ar leith ar láithreáin ghréasáin ealaíontóra, etc.² Ba cheart go ndírítear sa togra ar na rudaí seo a leanas, ach go háirithe:
 - Coincheap agus cuspóirí ealaíonta
 - Comhthéacs nó cineál beartaithe na háite/na n-áiteanna don choimisiún a bheartaítear
 - Próiseas/cineál an chuir i láthair nó na hidirghabhála, etc. a bheartaítear.
 - Conas a bhainfear an coimisiún amach. Ba cheart a chur san áireamh ann seo cuntas ar shaincheisteanna teicniúla a bhfuiltear eolach orthu nó a d'fhéadfadh teacht aníos agus conas a bheartaítear dul i ngleic

² Níor cheart do na nasc le físeán nó le hábhar fuaime a bheith níos faide ná fiche (20) nóiméad ar fad iomlán.

leo seo. Ba cheart go sainaitheofar sa ghné seo den togra freisin na rioscaí cruthaitheacha a chruthaíonn an coimisiún a bheartaítear

- Luach iomlán an choimisiúin a bheartaítear
- Cistiú a iarrtar ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus áiteanna eile (más ábhartha)
- Cuntas ar an mbuiséad a bheartaítear, inar cheart na rudaí seo a leanas a chur san áireamh ann freisin, sa chás gurb iomchuí:
 - Táillí an ealaíontóra/na mball foirne³
 - Bainisteoir Táirgthe (sa chás gurb iomchuí)
 - Costais forbartha
 - Costais léiriúcháin agus chuir i láthair
 - Idirghníomhú le pobail/ceantair áitiúla
 - Árachas, agus costais eile ghaolmhara
 - Teagmhas ar ráta 5%
- **Ábhar Tacaíochta i bhformáid PDF:** Tá cúig shampla d'obair ábhartha, ar a mhéid, le huaslódáil in PDF amháin. Ba cheart naisc le taifeadtaí fuaime nó fiseán (fad uasta 5 nóiméad an ceann), spóil taispeána ina measc, a leabú isteach sa PDF seo.
- **CVanna nó Beathaisnéisí i bhformáid PDF.** Caithfear beathaisnéisí achomair ar bhail foirne agus CVanna (nach faide ná 3 leathanach in aghaidh an CV) a sholáthar do gach duine de phríomhbhaill na foirne, más infheidhme. Ba cheart na CVanna agus na Beathaisnéisí seo a uaslódáil in aon PDF amháin.

Coinníollacha

Aighneachtaí

1. Ní féidir aighneachtaí a dhéanamh ach ar líne. Ní ghlacfar le haighneachtaí a sheoltar ar aghaidh ar ríomhphost.
2. Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha.
3. Ní chuirfear aiseolas ar fáil ag Céim 1 mar gheall ar chineál na hlomaíochta Oscailte.
4. Ní iarrfar ar mheasúnóirí féachaint ar nó éisteacht le breis agus 20 nóiméad de chomhaid mheán (comhaid fuaime nó amhairc). Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil naisc le comhaid mheán i bhformáidí arb éasca teacht orthu, cosúil le YouTube, Vimeo, mp3, mp4, etc.
5. Tá an ceart ag an bpainéal roghnaithe, a bhfuil a chinneadh críochnaitheach, aon saincheist a shoiléiriú a d'fhéadfadh teacht aníos fad a bhíonn roghnú á dhéanamh.
6. Féadtar iarraidh ar ealaíontóirí ainmneacha agus sonraí teagmhála moltóirí a sholáthar mar chuid den phróiseas roghnaithe.
7. Tá an ceart ar cosaint ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gan coimisiúin a bhronnadh agus, sa chás seo, tabhairt faoi phróisis eile roghnaithe.
8. Má fhreastalaítear ar an gCruinniú Faisnéise, a dhéanfar a scannánú, meastar go n-aontaítear leis go gcuirfear san áireamh thú sa scannán d'aon turas nó mar a tharlaíonn.

³ Tá sé mar bheartas de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go n-íoctar ealaíontóirí go cothrom as an obair a rinneadh.

Téarmaí agus Coinníollacha

1. Déanfaidh ealaíontóirí nó foirne a choimisiúnaítear conradh a chomhaontú agus a shíniú idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sula gcuirtear tús leis an gcoimisiún ealaíne poiblí.
2. Tá an ceart ar cosaint ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath táille airgeadais a thairiscint arb éagsúil sin ón méid a lorgaítear sna tograí.
3. Beidh ar fhoirne a mbronntar coimisiúin orthu duine amháin a ainmniú a dhéanann ionadaíocht dóibh san fhoireann.
4. Beidh ar an Ealaíontóir/an Fhoireann rathúil an t-árachas seo a leanas a bheith acu sula sínítear an conradh agus d'fhad an choimisiúin. Caithfear a lua in árachas go bhfuil na beartais bailí i bPoblacht na hÉireann.
 - a. Dlíteanas Poiblí a shlánaíonn cumhdach árachais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar luach €6.5 milliún i gcás aon tarlaithe amháin agus a shlánaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, comhpháirtithe tionscadail etc.
 - b. Dlíteanas Fostóra a shlánaíonn cumhdach árachais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar luach €13 milliún i gcás aon tarlaithe amháin ina bhfostaítear fostaithe chun oibriú ar an gcoimisiún agus a shlánaíonn na comhpháirtithe tionscadail etc.
5. Caithfidh an coimisiún agus an próiseas forbartha a bheartaítear cloí leis an reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta. Beidh an aighneacht rathúil faoi réir seiceálacha Sláinte agus Sábháilteachta.
6. Leanaí agus Daoine Fásta Leochaileacha a Chosaint: Beidh ar ealaíontóirí nó foirne a idirghníomhaíonn le leanaí, daoine óga agus/nó daoine fásta leochaileacha mar chuid dá gcoimisiúin cloí le beartas agus reachtaíocht náisiúnta agus, nuair is infheidhme, tabhairt faoi oiliúint sa limistéar seo, de réir ceanglais náisiúnta.
7. Beidh ar an ealaíontóir nó an fhoireann a cheaptar Deimhniú Imréitigh Cánach atá cothrom le dáta nó uimhir rochtana a sholáthar sula sínítear conradh agus d'fhad an choimisiúin.
8. Ba cheart d'iaratasóirí a thabhairt faoi deara go gcuirtear CBL san áireamh le gach coimisiún a bhronntar (cibé acu más ar an ealaíontóir nó ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, mar choimisinéir, atá an dlíteanas).
9. Caithfidh ealaíontóirí neamhchónaithe ó thíortha AE agus neamh-AE a bheith ar an eolas ar aon impleachtaí cánach nó CBL a eascraíonn as an gcoimisiún agus a chinntiú go gcuirtear aon chostais a eascraíonn as seo san áireamh sa bhuiséad a bheartaíonn siad.
10. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF), 1997, 2003. Má cheapann tú go bhfuil aon chuid den eolas a sholáthair tú féin íogair nó rúnda ó thaobh cúrsaí tráchtála de, ba cheart é seo a thabhairt chun solais agus ba cheart na cúiseanna atá leis an íogaireacht a shonrú. Sna cásanna siúd, scrúdófar an t-ábhar ábhartha, mar fhreagairt don iarraidh SF, i gcomhthéacs na ndíolúintí dá bhforáiltear sna hAchtanna.

An RGCS a Chomhlíonadh

Is é an cuspóir go bpróiseáiltear na sonraí a sholáthraíonn tú chun coimisiúin ealaíne poiblí nua a roghnú do Chlár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath. Déanfaidh foireann Oifig Ealaíon Chathair Bhaile Átha Cliath agus speisialtóirí seachtracha a dtugtar cuireadh dóibh an t-eolas a sholáthraíonn tú a rochtain agus is féidir é a roinnt le foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Coimeádfar d'eolas ar feadh 6 bliana, má éiríonn le d'iarratas, agus ar feadh 1 bhliain, mura n-éiríonn le d'iarratas. Táthar ag tabhairt faoin bpróiseas seo i gcomhréir leis na hAchtanna Ealaíon, 2003.

Mura gcuireann tú na sonraí pearsanta a iarrtar ar fáil, ní bheidh ar chumas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath d'iarratas a phróiseáil. Tá na cearta seo a leanas agat, faoi chúinsí áirithe, agus faoi réir díolúintí infheidhme, maidir le do shonraí pearsanta:

- An ceart chun teacht ar na sonraí pearsanta a choimeádaimid fút, sa mhullach ar fhaisnéis eile faoin bpróiseáil a dhéanaimid ar na sonraí sin.
- An ceart a iarraidh orainn aon mhíchruinneas i do sonraí a cheartú.
- An ceart a iarraidh orainn do sonraí pearsanta a scriosadh.
- An ceart a iarraidh orainn gan do sonraí pearsanta a phróiseáil a thuilleadh ar chuspóirí ar leith.
- An ceart agóid a dhéanamh in aghaidh phróiseáil do sonraí pearsanta nó an bhealaigh a phróiseálaimid iad.

Tabhair faoi deara, le do thoil, chun cabhrú le do phríobháideacht a chosaint, téimid i mbun beart le d'aitheantas a dheimhniú sula ndéanaimid rochtain ar sonraí pearsanta. Más mian leat aon chinn de na cearta seo a chleachtadh, seol iarraidh chuig ár nOifigeach um Chosaint Sonraí, le do thoil, ina dtugtar cuntas ar sonraí ar leith faoin iarraidh: Ríomhphost: dataprotection@dublincity.ie Guthán: 01 2223775. Próiseálfar gach iarraidh bhailí gan moill mhíchuí agus pé scéal é laistigh de mhí amháin i ndiaidh go bhfaightear an iarraidh. Is féidir an tréimhse seo a shíneadh a mhéid le dhá mhí sa bhreis, nuair is gá.

AGUISÍN 1

Léarscáil de na Ceantair i gCathair Bhaile Átha Cliath



| | |
|------------------------------|------------------------------------|
| Ballymun-Finglas | Baile Munna-Fionnghlas |
| Artane-Whitehall | Ard Aidhin-an Halla Bán |
| Donaghmede | Domhnach Míde |
| Cabra-Glasnevin | An Chabrach-Glas Naíon |
| Clontarf | Cluain Tarbh |
| North Inner City | Lár na Cathrach Thuaidh |
| Ballyfermort-Drimmagh | Baile Formaid-Droimeanach |
| South West Inner City | Lár na Cathrach Thiar Theas |
| South East Inner City | Lár na Cathrach Thoir Theas |
| Kimmage-Rathmines | Camaigh-Ráth Maonais |
| Pembroke | Peambróg |

AGUISÍN 2

Eolas ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Ealaín Phoiblí

- Ealaín Phoiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:
<http://www.dublincityartsoffice.ie/supporting-the-arts-in-the-city/public-art>
- Cartlann Ealaíne Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:
<http://www.dublincityartsoffice.ie/supporting-the-arts-in-the-city/public-art/public-art-commissions-archives>
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:
www.dublincity.ie/YourCouncil/AbouttheCouncil/
- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath:
<http://www.dublincitydevelopmentplan.ie/>

AGUISÍN 3

Coimisiúin Roghnaithe Ealaíne Poiblí: 2011-2019

| | |
|---|--|
|  | <p><i>Travelogue</i> le Threasa Nanigian - 2011</p> <p>Coimisiúnaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas faoin Scéim Per Cent for Art le cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh bonneagar iompair poiblí. Thit an taispeántas amach i rith trí seachtaine ar láithreáin fógraíochta ar fud an ghréasáin iompair poiblí.</p> |
|  | <p><i>The Boys of Foley Street</i> le Anu Productions - 2012</p> <p>Léiriú mórsála seala ama atá suite sa limistéar 'Monto' atá coimisiúnaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi Shnáithe 2 de chéad Chlár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath le cistiú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin Scéim Per Cent for Art. Cuireadh i láthair é i rith Fhéile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath 2012.</p> |
|  | <p><i>The Lost and Found Sound Assembly</i> le George Higgs - 2013</p> <p>Cruthaíodh gléas ó rudaí a aisghabhadh ó ionaid athchúrsála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus sheinn George Higgs, Seán Carpio agus ceathrar déagóirí dhéag ó Scoil na mBodhar é. Coimisiúnaíodh é faoi Shnáithe 2 de chéad Chlár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath le cistiú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin Scéim Per Cent for Art.</p> |




Things We Throw Away le Wide Open Opera - 2014

Sraith cúig cheoldráma ghearra le Brian Irvine (ceol) agus John McIluff (script) a bhí spreagtha ag saol fiordhaoine i mBaile Átha Cliath a choimisiúnaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoin Shnáithe 2 de chéad Chlár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath le cistiú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin Scéim Per Cent for Art.



MAP le Sven Anderson - 2015

Ba chónaitheacht ealaíne fuaimne a mhair bliain é MAP ónar eascair suiteán ealaíne fuaimne *Continuous Drift* atá suite i gCearnóg Theach an Tionóil. Choimisiúnaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é faoi Shnáithe 2 de chéad Chlár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath le cistiú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin Scéim Per Cent for Art.



Revisions le Julie Merriman - 2014-2016

Bhí *Revisions* mar thoradh ar chónaitheacht bhliana a d'oibrigh le foireann CCBÁC a úsáideann líníocht agus líníochtaí mar chuid dá n-obair. D'eascair *Revisions*, foilseachán agus taispeántas i nDánlann Hugh Lane, as. Thit an coimisiún amach faoi Shnáithe 2 de chéad Chlár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath le cistiú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.




Beyond Pebbledash le Motti Ruimy + Paul Kearns - 2014

Ba shuiteán, leabhar agus clár rannpháirtíochta é *Beyond Pebbledash* a d'fhiosraigh conas a dhéanaimid dearadh agus pleanáil do mhaireachtáil amach anseo sa chathair. Comhpháirtíocht a bhí sa tionscadal idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Redrawing Baile Átha Cliath agus Ard-Mhúsaem na hÉireann. Chistigh an Chomhairle Ealaíon an clár rannpháirtíochta faoin gClár Rannpháirtíochta san Ailtireacht (Engagement with Architecture Programme).



Dublin Ships le Cliona Harmey - 2015

Saothar ealaíne digiteach sealadach atá lonnaithe ar Ché an Phoirt Thuaidh a thaispeáin ainmneacha long a d'iontráil agus a d'fhág Port Bhaile Átha Cliath i bhfíor-am. Choimisiúnaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é mar chuid de chéad Chlár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath le cistiú ón Scéim Per Cent for Art, Cuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath agus le tacaíocht ó Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath.



Voices of Memory le Christina Kubisch - 2016-2018

Suiteán ealaíne fuaimne atá suite i nGairdíní Náisiúnta Cuimhneacháin Cogaidh na hÉireann a coimisiúnaíodh i gcomhpháirtíocht idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Goethe Institut-Irland le tacaíocht ó OOP, Iontaobhaithe Ghairdíní Náisiúnta Cuimhneacháin Cogaidh na hÉireann agus le cistiú breise ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Foilsíodh CD dúbailte, leabhrán ina measc, mar chuid den choimisiún.



Library Words le Alan Phelan - 2018

Coimisiún amharc-ealaíne do Leabharlann nua-athchóirithe Shráid Chaoimhín. Roghnaigh Alan Phelan athfhriotal faoi leabharlanna a scríobh daoine cáiliúla agus rinne sé iad a mheascadh le chéile i dtéacsanna daite éagsúla chun míreanna mearaí amhairc a chruthú sa leabharlann. Soláthraíodh cistiú trí bhuiséad caipitil na Leabharlainne faoin Scéim Per Cent for Art.



Luke Kelly le Vera Klute - 2019

Tá an dealbh seo den cheoltóir agus den amhránaí ar a bhfuil cáil dhomhanda, Luke Kelly, lonnaithe i Lár na Cathrach Thoir Thuaidh, an áit ar rugadh é. Coimisiúnaíodh é le cistiú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoin Scéim Per Cent for Art.



Sensing Ecologies le Fiona McDonald - 2020

Fuaimdhreach geoshuite d'aip mhóibíleach a cruthaíodh d'Oileán an Bhulla a fhiosraíonn athrú aeráide, bithéagsúlacht agus bitáscairí. Cruthaíodh é mar chuid de *An Urgent Enquiry*, comhoibriú idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Loch Garman agus Comhairle Contae Fhine Gall a dhíríonn ar ealaín, bithéagsúlacht agus athrú aeráide. Chistigh an Chomhairle Ealaíon é faoin Scéim Cuiridh chun Comhoibriú.